

15 Cóireáil Heipitíteas C in Éirinn

- 15.1** Galar is ea heipitíteas C a thagann chun cinn de bharr víris san ae. Ciorróis, ailse ae, agus cliseadh ae an toradh a d'fhéadfadh a bheith air le himeacht aimsire. Bíonn sé cinn d'fhochineálacha móra (géinitíopaí) an víris ina gcúis le hionfhabhtú. Is iad géinitíopa 1 agus 3 na cineálacha is coitianta in Éirinn.
- 15.2** Daoine áirithe a tholgann heipitíteas C, bíonn sé orthu ar feadh tréimhse ghearr agus tagann biseach orthu gan cóireáil ar bith. Géarheipitíteas C a thugtar air sin. Meastar, mar sin féin, i gcás thart ar 75% de na daoine a tholgann an víreas, nach n-éiríonn leo an víreas a chloí agus tagann heipitíteas C fadtréimhseach, nó ainsealach, orthu sin.¹
- 15.3** Measann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) go bhfuil heipitíteas C ar idir 20,000 agus 30,000 duine in Éirinn. Sciar beag díobh sin, tholg siad an víreas trí mheán fola agus táirgí fola a tugadh dóibh idir na 1970idí agus na 1990idí den chuid ba mhó. Tugadh isteach scagthástáil le haghaidh antasubstaintí heipitíteas C i ndeontóirí fola in Éirinn in 1991, agus tá deireadh tagtha, nach mór, le cásanna heipitíteas C a bhaineann le haistrithe fola ó shin. I láthair na huaire, is é drugaí a instealladh an fachtóir riosca is coitianta.
- 15.4** Tá sé ina sprioc ag FSS go mbeadh heipitíteas C ina ghalarr neamhchoitianta in Éirinn faoi 2026.
- 15.5** Tá costas mór ar chóireáil heipitíteas C, agus braitheann an costas ar an gcineál drugaí a úsáidtear, liostphraghas an druga, agus fad na cóireála. D'fhéadfadh costas idir €23,000 agus €92,000 a bheith ar chúrsa cóireála. Tá feabhas tagtha ar thorthaí cóireála le blianta beaga anuas mar aon le maolú ar na fo-iarmhairtí de bharr dul chun cinn atá déanta sna drugaí a úsáidtear chun cóireáil a chur ar heipitíteas C. I dtaighde a luaitear in *Public Health Plan for the Pharmaceutical Treatment of Hepatitis C, 2014*, sonraíodh go raibh an chóireáil ar heipitíteas C cost-éifeachtúil beag beann ar an leibhéal dochair a bhí déanta don ae.
- 15.6** Sa scrúdú seo:
- déantar athbhreithniú ar chostais an chúitimh agus na cóireála agus ar an bpróifíl othair do dhaoine a tholg an víreas trí mheán fuil éillithe nó táirgí fola éillithe a tugadh dóibh idir na 1970idí agus na 1990idí den chuid ba mhó
 - féachtar ar an bhfianaise atá ar fáil maidir lena choitianta atá heipitíteas C in Éirinn
 - déantar measúnú ar na straitéisí agus na pleananna a glacadh i ndáil leis an gcóireáil ar heipitíteas C
 - déantar athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an chlár cóireála náisiúnta a cuireadh ar bun in 2015.


Ionfhabhtú trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe

- 15.7** Tháinig sé chun solais go luath in 1994 gur tugadh táirge fola — glóbailin imdhíonachta frith-D — a bhí éillithe ag heipitíteas C do mhná sa Stát idir 1977 agus 1979 agus idir 1991 agus 1994. Ina theannta sin, ionfhabhtaíodh roinnt daoine eile trí mheán táirgí fola éillithe eile, fuiláistrithe agus cóireálacha. I mí Feabhra 1994, chuir Seirbhís Fuiláistriúcháin na hÉireann tús le clár náisiúnta scagthástála heipitíteas C do na mná ar fad ar tugadh glóbailin imdhíonachta frith-D dóibh idir 1970 agus 1994.

¹ *Public Health Plan for the Pharmaceutical Treatment of Hepatitis C*, Nollaig 2014.

- 15.8** Meastar gur ionfhabhtaíodh thart ar 1,700 duine in Éirinn leis an víreas heipitíteas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe. Cuireadh roinnt scéimeanna, a raibh bunús reachtach faoina bhformhór, i bhfeidhm chun tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine a ionfhabhtaíodh trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe.¹
- 15.9** Na scéimeanna a cuireadh i bhfeidhm chun cúiteamh agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine a tholg heipitíteas C de bharr gníomhaireachtaí Stáit, rinneadh na scéimeanna sin a leathnú in 2002 chun tacú le daoine VEID-deimhneacha a ionfhabhtaíodh ar an gcaoi chéanna.
- 15.10** An caiteachas a thabhaítear i ndáil le cúiteamh agus seirbhísí sláinte eile a chuirtear ar fáil do dhaoine a tholg an víreas trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe, taifeadtar an caiteachas sin i roinnt cuntais éagsúla lena n-áirítear Cuntas Leithreasa na Roinne Sláinte, ráitis airgeadais FSS, agus cuntais speisialta atá curtha ar bun chun scéimeanna cúitimh agus árachais a riar. Dá bhrí sin, is deacair na costais iomlána arna dtabhú ina leith sin a shainaithint.
- 15.11** Léirítear i Fíor 15.1 gur tabhaíodh caiteachas thart ar €1.5 billiún go dtí deireadh 2017, agus baineann an caiteachas sin le cúiteamh agus le seirbhísí sláinte den chuid is mó. Tá miondealú ar na costais sin le fáil in larscribhinn 15A.

Fíor 15.1 Costais charnacha arna dtabhú i ndáil le hionfhabhtú trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe, 1996 go 2017



Foinse: Ráitis Airgeadais FSS; Cuntais Leithreasa FSS, 2005 go 2014; Cuntais Leithreasa na Roinne Sláinte, 1995 go 2017; (larscribhinn 15A).

¹ An tAcht Leithreasa, 1995, an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997, an tAcht Sláinte (Leasú), 1996, an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2002, agus an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006.

Cúiteamh

- 15.12** Bhain cuid mhór de na costais a tabhaíodh le cúiteamh agus le costais ghaolmhara. Achtaíodh reachtaíocht in 1997 agus 2002 chun foráil a dhéanamh do chúiteamh do dhaoine a ionfhabhtaíodh trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe. Tabhaíodh caiteachas iomlán €1.17 billiún, costais chúitimh agus costais dlí ghaolmhara san áireamh, ó cuireadh na scéimeanna ar bun.

- 15.13** In 1998 a tabhaíodh an leibhéal caiteachais bhliantúil ba mhó, agus bhí €132 milliún i gceist leis na costais chúitimh agus leis na costais dlí ghaolmhara ar an iomlán. Bhí an caiteachas bliantúil idir €50 milliún agus €70 milliún idir 1999 agus 2009. Tá laghdú ag teacht ar an gcaiteachas bliantúil ó shin, agus idir €18 milliún agus €21 milliún a bhí ann idir 2015 agus 2017.

Seirbhísí sláinte

- 15.14** Le seirbhísí ospidéal agus cúraim phríomhúil a chuirtear ar fáil gan chostas a bhain an chuid ba mhó den chaiteachas eile. Thabhaigh FSS (agus na boird sláinte a bhí ar an bhfód roimhe sin) caiteachas thart ar €295 milliún sa tréimhse idir 1996 agus deireadh 2017 i ndáil leis sin. Ó 2000 i leith, idir €10 milliún agus €20 milliún a caitheadh sa bhliain ar an meán.

Costais eile

- 15.15** Cuireadh scéim árachais ar bun faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú), 2006. Cuireann an scéim ar chumas daoine a tholg heipitéas C agus/nó VEID mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Stáit árachas saoil, árachas um chosaint morgáiste agus árachas taistil a ghlacadh ar rátaí caighdeánacha. Tabhaíodh caiteachas thart ar €9 milliún ó cuireadh tús leis an scéim. Bhí FSS ag súil i dtosach le caiteachas thart ar €90 milliún a thabhtú thar shaolré na scéime. Mar sin féin, shonraigh FSS nach bhfuil meastachán reatha aige den chaiteachas a thabhófar faoin scéim amach anseo.
- 15.16** Tabhaíodh caiteachas €47 milliún freisin i ndáil le fiosrúcháin fhoirmiúla ar an ionfhabhtú trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éilithe.

Próifíl na n-othar a bhfuil heipitéas C orthu

- 15.17** Cuireadh bunachar sonraí náisiúnta maidir le heipitéas C ar bun in 2004 chun sonraí a bhailiú maidir le daoine a tholg heipitéas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éilithe. An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC), ar cuid de FSS é, a chuir an bunachar sonraí ar bun agus a dhéanann é a chothabháil. Féachtar ann ar dhul chun cinn an ionfhabhtaithe, déantar measúnú ar thorthaí na cóireála, agus cuirtear faisnéis ar fáil chun seirbhísí a phleanáil.
- 15.18** Maidir leis na daoine sin a tholg an víreas nuair a tugadh fuil éillithe agus táirgí fola éilithe dóibh, is gá d'othair a thoilú go ndéanfaí a bhfaisnéis a thairfeadh sa bhunachar sonraí.¹ Bailítear faisnéis ó thairfid sláinte na n-othar sna hocht n-aonad heipiteolaíochta atá rannpháirteach. Maidir leis an 1,700 duine a meastar go bhfuil heipitéas C orthu, bhí faisnéis sa bhunachar sonraí ar 1,320 duine ag deireadh 2013, agus is ionann é sin agus ráta rannpháirtíochta 78%.

¹ I gcás othair ionfhabhtaithe a fuair bás, is féidir iad a chur isteach sa bhunachar sonraí gan toiliú ar an gcoinníoll nár dhiúltaigh na hothair sin toiliú a thabhairt nuair a bhí siad beo.

- 15.19** Léirítear le sonraí a bailíodh sa tréimhse 2010-2013 gur tháinig heipitéas C ainsealach ar 813 (62%) de na hothair sa bhunachar sonraí sa tréimhse sin.¹ Tá próifíl le fáil i Fíor 15.2 ar stádas na n-othar sin (ag deireadh 2013) a bhfuil heipitéas C ainsealach orthu.

Fíor 15.2 Próifíl na n-othar sa bhunachar sonraí maidir le heipitéas C amhail deireadh na bliana 2013

	Heipitéas C ainsealach	Stádas	
		Beo	Marbh
Deireadh leis an ngalar gan choinne	27	23	4
Cóireáil agus toradh rathúil	224	215	9
Cóireáil agus toradh mírathúil	166	111	55
Gan chóireáil	396	279	117
Iomlán	813	628	185

Foinse: *An Bunachar Sonraí Náisiúnta maidir le Heipitéas C arna tholghadh trí mheán fola agus táirgí fola in Éirinn, Tuarascáil 2015*

- 15.20** Leis na sonraí a bailíodh idir 2010 agus 2013, léirítear go raibh na nithe seo a leanas i gceist ag deireadh 2013:

- cuireadh cóireáil ar díreach os cionn leath de na daoine a raibh heipitéas C ainsealach orthu nó tháinig deireadh leis an ngalar gan choinne agus, i measc na ndaoine ar cuireadh cóireáil orthu, d'éirigh leis an gcóireáil in 57% de na cásanna²
- bhí ionfhabhtú ainsealach ar 390 othar a bhí beo i gcónaí agus níor éirigh leis an gcóireáil a cuireadh orthu; ina measc siúd, bhí comharthaí cliniciúla de dhrochghalar ae ar 91 othar
- fuair 185 othar a raibh heipitéas C ainsealach orthu bás, agus ba é galar ae a taifeadadh mar an chúis bháis in 73 chás
- fuair 23% de na hothair ar tháinig heipitéas C ainsealach orthu bás i gcomparáid le 8% de na hothair nach raibh heipitéas C ainsealach orthu.

- 15.21** Tá sé sonraithe ag FSS nach bhfuil an tuarascáil sin chun dáta, agus nach gcuirtear san áireamh ann an dul chun cinn mór atá déanta sa chóireáil ar heipitéas C ó 2013 i leith. Sonraítear go bhfuil babhta eile bailithe sonraí curtha i gcrích agus cuimsítear ann sonraí go dtí deireadh 2017. Tá tuarascáil le foilsiú roimh dheireadh na bliana 2018.

- 15.22** I Nollaig 2016, rinne an Roinn Sláinte sprioc a leagan amach go mbeadh, faoi dheireadh na bliana 2017, cóireáil curtha ar fáil do gach othar agus/nó tosaithe ag gach othar a ionfhabhtáíodh le fuil éillithe agus táirgí fola éilithe agus ar aithníodh iad mar a bheith oiriúnach do chóireáil. Tá sé sonraithe ag FSS gur éirigh leis an sprioc sin a bhaint amach, agus tuairiscíodh gur éirigh leis an gcóireáil i gcás 98% de na hothair sin a roghnaigh dul faoi chóireáil.

Coitiantacht heipitéas C

- 15.23** Tá ról ríthábhachtach ag rannóga sláinte poiblí FSS sa phróiseas faireachais ar heipitéas C trí chásanna heipitéas C a chur in iúl don Oifigeach Leighis Sláinte. Tá ocht gcinn de rannóga sláinte poiblí i bPoblacht na hÉireann.


¹ *An Bunachar Sonraí Náisiúnta maidir le Heipitéas C arna tholghadh trí mheán fola agus táirgí fola, Tuarascáil Bhliantúil, 2015.* Cuimsítear leis an tuarascáil sonraí ar rannpháirtithe sa bhunachar sonraí suas go dtí deireadh 2013.

² Tagraíonn 'deireadh leis an ngalar gan choinne' do chásanna ina raibh toradh deimhneach ar an tástáil le haghaidh an víris heipitéas C ach bhí toradh diúltach ar an tástáil ag céim ní ba dhéanaí gan aon chóireáil a bheith curtha ar an othar.

15.24 Cuireadh bunachar sonraí ar bun chun sonraí ar gach cás de heipitíteas C a thairfeadh nuair a rinneadh galar infhógartha de in 2004. Is gá gach cás nua de heipitíteas C (beag beann ar an modh ionfhabhtaithe agus ar cibé acu an diagnóis chliniciúil nó diagnóis saotharlainne atá ann) a chur in iúl faoi na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha ó bhí 2004 ann. Tá ceangal ar gach liachleachtóir, stiúrthóirí cliniciúla ar shaotharlanna diagnóiseacha ina measc, galair aicídeacha infhógartha a chur in iúl don Stiúrthóir Sláinte Poiblí áitiúil. Déantar tacar de shonraí bunúsacha a iarraidh i ngach cás de ghalair infhógartha¹ Maidir le heipitíteas C, iarrtar faisnéis bhreise a bhaineann le fachtóirí riosca maidir le heipitíteas C a tholghadh mar aon le sonraí ar thorthaí tástálacha saotharlainne i gcásanna a fhógraítear.

15.25 Ba é 14,704 an líon iomlán cásanna heipitíteas C a fógraíodh idir 2004 agus 2017 (féach Fíor 15.3). Ba in 2007 a fógraíodh an líon cásanna ba mhó. Fógraíodh 1,538 cás an bhliain sin, ach tá laghdú leanúnach ar an líon ó shin, agus 624 an líon cásanna a fógraíodh in 2017.

Fíor 15.3 Cásanna heipitíteas C a fógraíodh, 2004 go 2017



1 Cuimsítear ainm, seoladh, dáta breithe, aois, gnéas, tír bhreithe, tír an ionfhabhtaithe, uimhir theileafóin, gairm bheatha, sonraí ar an ngalar a bheith á fhógairt, agus sonraí an fhógróra.

2 Thornton et al. *Determination of the burden of hepatitis C virus infection in Ireland*. *Epidemiology and Infection*, (2012).

3 Carew et al *Incidence of hepatitis C among people who inject drugs in Ireland*. *Hepatology, Medicine and Policy* (2017).

4 Razavi et al. *Hepatitis C virus prevalence and level of intervention required to achieve the WHO targets for elimination in the European Union by 2030: a modelling study*. *Lancet Gastroenterol Hepatol* 2017, foilsithe ar líne an 14 Márta 2017.

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte — an Láirionad Faire um Chosaint Sláinte

15.26 Measann FSS go bhfuil heipitíteas C ar idir 20,000 agus 30,000 duine. Tá an meastachán sin bunaithe ar roinnt tuarascálacha mar seo a leanas:


- Sonraíodh i dtuarascáil in 2012² gur diagnósíodh go raibh an víreas ar thart ar 10,000 duine a bhí ag maireachtáil agus galar ainsealach orthu ag deireadh 2009. I dtuarascáil eile³ in 2017, sonraíodh nárbh eol an leibhéal tearc-diagnóisithe in Éirinn. Dá nglacfaí, áfach, le leibhéal idir 50% agus 67%, thabharfaí le tuiscint gur ionfhabhtáíodh idir 20,000 agus 30,000 duine.
- I staidéar samhaltaithe⁴ ar choitiantacht heipitíteas C a rinneadh ar son 28 tír san AE in 2015, measadh go raibh an víreas heipitíteas C ar 29,500 duine in Éirinn.

- 15.27** Tugtar le tuiscint le meastachán FSS ar a choitianta atá heipítíteas C go bhfuil líon mór daoine ann a bhfuil an galar orthu ach nár diagnóisíodh é go fóill. Tá sé sin ag teacht le meastacháin ar an leibhéal cásanna neamhdiagnóisithe sa Ríocht Aontaithe ina meastar an leibhéal cásanna neamhdiagnóisithe ag 50%.¹ Mar sin féin, ní fios an fóir-ráta coitiantachta mar gheall nach bhfuil ann do chlár scagthástála ginearálta. I bhformhór na staidéar atá déanta go dtí seo, ní dhearnadh iarracht ach chun an choitiantacht a áireamh laistigh de ghrúpaí riosca ar leith.
- 15.28** Tá sé sonraithe ag FSS go n-úsáideann sé foilseacháin agus staidéir idirnáisiúnta a ndéantar piarmheasúnú cliniúil orthu chun monatóireacht a dhéanamh ar a choitianta atá heipítíteas C, mar aon le sonraí ó bhunachar sonraí HPSC a bhaineann le cásanna heipítíteas C a fhógraítear. Shonraigh sé freisin go leanann sé de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i ndáil le taighde sa réimse seo chun faisnéis níos cruinne a fháil ar an gcoitiantacht fhoriomlán heipítíteas C in Éirinn.
- 15.29** Maidir leis an tearcdhiagnóis a laghdú, d'fhoilsigh FSS Treoirlínte Scagthástála Náisiúnta do Heipítíteas C in 2017 i gcomhar leis an Roinn Sláinte. Aithníodh sna treoirlínte go raibh scagthástáil do heipítíteas C á déanamh in go leor suíomhanna ach, mar sin féin, níor forbraíodh treoir náisiúnta le haghaidh soláthraithe cúraim sláinte. Tá moltaí sna treoirlínte scagthástála maidir leis na daoine ar ceart scagthástáil do víreas heipítíteas C a chur ar fáil dóibh agus conas is ceart an scagthástáil a dhéanamh. Shonraigh FSS go mbeidh cur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin ríthábhachtach chun cásanna heipítíteas C a aithint nach ndearnadh scagthástáil orthu roimhe seo. Sonraíodh freisin go bhfuil ann d'éiginnteacht mhór i gcónaí maidir leis an leibhéal tearcdhiagnóisithe heipítíteas C in Éirinn.

Straitéisí agus pleananna cóireála

- 15.30** Tá roinnt tionscnamh ann ó 2004 le leith chun straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le cóireáil a chur ar heipítíteas C faoi mar atá leagtha amach i Fíor 15.4.

Fíor 15.4 Amlíne forbartha straitéise agus plean maidir le heipítíteas C, 2004 go 2017



¹ Public Health in England, *Hepatitis C in the UK*, tuarascáil 2017.


15.31 I ndoiciméad straitéise ó 2004 le hÚdarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir, mar a bhí ann ag an am, leagadh amach moltaí chun feabhas a chur ar chosc, ar chóireáil agus ar fhaireachas ar heipitíteas C i measc daoine ionfhabhtaithe i réigiún an oirthir.¹ Níor foilsíodh an tuarascáil riamh agus níor forbraíodh plean forfheidhmithe.

An Straitéis Náisiúnta maidir le Heipitíteas C, 2011-2014

15.32 I mí Mheán Fómhair 2012, d'fhoilsigh FSS straitéis náisiúnta maidir le heipitíteas C don tréimhse 2011-2014. Sonraíodh sa straitéis go raibh straitéisí cuimsitheacha curtha i bhfeidhm d'othair a tholg heipitíteas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe mar chuid den réimse teidlíochtaí reachtúla faoi fhorálacha an Achta Sláinte (Leasú), 1996. Níor tugadh aghaidh ar riachtanais na ndaoine a tholg heipitíteas C ar bhealaí eile.

15.33 Rinneadh 36 moladh sa straitéis maidir le limistéir faireachais, oideachas, cosc agus cumarsáid, scagthástáil, cóireáil, agus tástáil saotharlainne. Bhí formhór na moltaí le cur i bhfeidhm thar shaolré na straitéise. Níor leagadh amach spriocorthaí sa straitéis i dtéarmaí líon foriomlán na ndaoine a gcuirfí cóireáil orthu ná na torthaí sonraithe a raibh súil leo i dtéarmaí laghdú ar a choitianta atá heipitíteas C. Tá achoimre ar stádas na moltaí sin amhail mí na Nollag 2017 le fáil i Fíor 15.5.

Fíor 15.5 Stádas na moltaí sa straitéis náisiúnta maidir le heipitíteas C, 2011-2014



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Eochair: ● Curtha i bhfeidhm
● Curtha i bhfeidhm i bpáirt
● Gan a bheith curtha i bhfeidhm

15.34 I measc na 36 moladh sa straitéis, dheimhnigh FSS go bhfuil deich moladh curtha i bhfeidhm ina n-iomláine, tá 25 moladh curtha i bhfeidhm i bpáirt, agus tá moladh amháin ann nár cuireadh i bhfeidhm ar chor ar bith. An moladh nár cuireadh i bhfeidhm, bhain sé le bunú dioplóma iarchéime sa bhainistiú heipitíteas C do dhochtúirí agus d'altraí. Shonraigh FSS go meastar nach gá a leithéid níos mó. Tá sonraí maidir le stádas na moltaí ar leith le fáil in Iarscríbhinn 15B.

15.35 Baineann faireachas le faisnéis maidir le líon agus déimeagrafaic na ndaoine ionfhabhtaithe, an modh ionfhabhtaíochta, agus treochtaí maidir le forleithne agus coitiantacht an ionfhabhtaithe agus factóirí riosca. Bíodh is go raibh moladh sa straitéis go bhforbrófaí clár náisiúnta d'othair a bhfuil heipitíteas C orthu, níl dul chun cinn déanta air sin.

² Cuimsíodh Údarás Réigiúnc Sláinte an Oirthir i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nuair a bunaíodh an Fheidhmeannacht in 2005.

- 15.36** Is ann do roinnt bunachair sonraí ina gcuimsítear faisnéis maidir le hothair a bhfuil heipitíteas C orthu
- Faoi mar a léiríodh i mír 15.17, cuireadh bunachar sonraí náisiúnta maidir le heipitíteas C ar bun in 2004 chun sonraí a bhailiú maidir le daoine a tholg heipitíteas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe.
 - Faoi mar a léiríodh i mír 15.25, taifeadtar sonraí ar gach cás de heipitíteas C a fhógraítear ó bhí 2004 ann i mbunachar sonraí atá á bhainistiú ag HPSC. Níl cuntas sa bhunachar sonraí sin ar stádas cóireála na n-othar. Fógraíodh 14,704 cás faoi dheireadh na bliana 2017.
- 15.37** Tá sé sonraithe ag FSS go bhfuil chlárann chóireála forbartha aige mar chuid den chlár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil. Tá an chlárann sin á bainistiú ag Lárionad Náisiúnta na Cógaseacnamaíochta thar ceann FSS, agus taifeadtar sonraí ann ar othair ar cuireadh cóireáil orthu, othair a bhfuil cóireáil á cur orthu, agus othair atá ag fanacht ar chóireáil.
- 15.38** Tiomsaítear an fhaisnéis ó láithreáin chóireála agus taifeadtar ar chlárann chóireála í. Taifeadtar sonraí othar anaithnidithe sa chlárann, agus baintear úsáid as inisealacha na n-othar agus a ndáta breithe. Soláthraíonn na láithreáin chóireála faisnéis maidir le dul chun cinn othair i rith na cóireála lena n-áirítear an réim chóireála atá in úsáid, fad na cóireála, agus an toradh. Bhí díreach os cionn 3,600 othar sa chlárann chóireála amhail ar 31 Nollaig 2017.
- 15.39** Na sonraí ar othair atá sa chlárann chóireála, ní dhéantar na sonraí sin a chomhroinnt ná a chur i gcomparáid leis na sonraí ar othair atá sa bhunachar sonraí náisiúnta maidir le heipitíteas C d'othair a tholg an víreas trí mheán fola nó táirgí fola ná le sonraí sa chlár náisiúnta de chásanna heipitíteas C faoin reachtaíocht maidir le galair aicídeacha. HPSC a dhéanann an dá bhunachar sonraí sin a bhainistiú agus a fheidhmiú. Mar thoradh air sin, ní féidir an fhaisnéis atá ar fáil sa chlárann a úsáid le meastachán a dhéanamh ar an líon othar i mbunachar sonraí náisiúnta na ngalar infhógartha maidir le heipitíteas C ar cuireadh cóireáil orthu.
- 15.40** Tá sé sonraithe ag FSS freisin go ndearna sé iarracht na taifid sa chlárann chóireála a nascadh leis na taifid i mbunachar sonraí na ngalar infhógartha atá á fheidhmiú ag HPSC freisin chun clár náisiúnta foriomlán d'othair a bhfuil heipitíteas C orthu a chur ar bun. Mar sin féin, tá dúshlán ag baint leis sin mar gheall ar chonstaicí amhail toiliú cúlghabhálach ó othair a fháil agus srianta maidir le cosaint sonraí.
- 15.41** Shonraigh FSS go raibh an clár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil ag obair trí Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise agus Rannóg TFC FSS chun ardán leictreonach inbhuanaithe a fhorbairt le feabhas breise a chur ar chumais agus ar éifeachtúlacht na clárlainne reatha.
- 15.42** Maidir le cóireáil, níor leagadh spriocanna amach sa straitéis i dtéarmaí líon na n-othar a gcuirfeadh cóireáil orthu ná laghdú ar a choitianta atá heipitíteas C thar shaolré na straitéise. Moladh sa straitéis go bhforbrófaí sainghrúpa chun treoir a chur ar fáil ar shaincheisteanna cliniciúla agus go bhforbrófaí prótacail maidir le tástáil, diagnóis, measúnú, atreorú le haghaidh cóireála, monatóireacht ar chóireáil, agus monatóireacht ar othair nach bhfuil cóireáil á cur orthu. Cuireadh go leor de na moltaí sin i bhfeidhm mar chuid den chlár cóireála náisiúnta a cuireadh ar bun in 2015.

- 15.43** Shonraigh FSS gur forbraíodh an straitéis náisiúnta maidir le heipitíteas C, 2011-2014, i dtréimhse ina raibh cóireáil á cur ar líon beag othar agus measadh an tráth sin go raibh an víreas ar idir 20,000 agus 50,000 duine. Níor leagadh spriocanna amach mar ní raibh forbairt déanta ar chur chuige náisiúnta maidir le cóireáil, ar threoirínte ná ar chlár cóireála.
- 15.44** Tá dul chun cinn á dhéanamh sa tréimhse idir 2017 agus 2019 ar mholtaí maidir le soláthar cóireála i suíomhanna pobail agus príosúin. Is é FSS atá freagrach, go hiomlán nó i bpáirt le haonáin eile, as 24 de na 36 moladh a chur i bhfeidhm. Comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear an Roinn Sláinte, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá freagrach as na moltaí eile.
- 15.45** Is é grúpa stiúrtha ó rannóg FSS maidir le cuimsiú sóisialta a dhéanann maoirseacht agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí. Tagann an grúpa le chéile faoi dhó sa bhliain chun an dul chun cinn ar an straitéis a athbhreithniú. Shonraigh FSS nár cuireadh i bhfeidhm moltaí i straitéis 2011-2014 i gcásanna áirithe de bharr easpa acmhainní agus easpa plean forfheidhmithe shoiléir. Anuas air sin, tá straitéisí níos úire tagtha in ionad na moltaí i gcásanna áirithe. Tugadh faoi deara freisin gur próiseas leanúnach atá i gceist le cur i bhfeidhm na moltaí.

An plean sláinte phoiblí maidir le cóireáil chógaseolaíoch ar heipitíteas C

- 15.46** In 2014, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte tuarascáil dar teideal *Public Health Plan for the Pharmaceutical Treatment of Hepatitis C*. Sa tuarascáil sin, cuireadh de chúram ar FSS clár náisiúnta a chur ar bun chun heipitíteas C a chóireáil, agus cuireadh tús leis an gclár in 2015.
- 15.47** Cuireadh san áireamh costas na cóireála agus an líon (measta) daoine a gcuirfí cóireáil orthu, agus moladh clár cóireála ilbhliantúil sa phlean le gur féidir an costas a roinnt thar thréimhse roinnt blianta. Moladh ann freisin go ndéanfaí othair a rangú in ord tosaíochta ar bhonn cliniciúil lena chinntiú go gcuirfí cóireáil ar na hothair sin ba mhó a bhí i mbaol cliniciúil, go háirithe na hothair sin a d'fhéadfadh bás a fháil nó a bhí i mbaol dochar doleasaithe sa chéad 12 mhí eile, laistigh de bhuiséad bainistithe. Aithníodh ann go mbeadh rialachas láidre agus struchtúir bhainistíochta láidre de dhíth ar chur chuige cóireála den sórt sin, mar aon le ceannaireacht chliniciúil agus rannpháirtíocht stuama.

Grúpa Comhairleach an Chláir – plean ardleibhéil deich mbliana, 2016

- 15.48** In 2016, chuir Grúpa Comhairleach an Chláir Náisiúnta chun Heipitíteas C a Chóireáil plean ardleibhéil deich mbliana ar bun maidir le todhchaí an Chláir. Anuas ar an soláthar cóireála bunaithe ar riachtanas cliniciúil agus fairsingiú na gcritéar cóireála cliniciúla, leagadh amach na spriocanna seo a leanas sa phlean:
- 2016-2017 — struchtúir rialachais riachtanacha a chur ar bun, plean straitéiseach a fhorbairt, dul i mbun oibre go comhoibrítheach le gach tionscnamh náisiúnta maidir le heipitíteas C chun feabhas a chur ar an bhfaireachas, ar an oideachas, agus ar bhealaí chun cúraim, agus monatóireacht a dhéanamh ar chóireálacha teiripeacha le haghaidh heipitíteas C.
 - 2017-2019 — straitéisí a cheapadh le leanúint le hothair a shainnithint agus féachaint ar a fhéideartha atá sé samhlacha comhroinnte cúraim a fhorbairt in ospidéal phobail agus in ospidéal ghéarmhíochaine araon.
 - 2019-2025 — cóireáil a chur ar fáil d'othair a bhfuil heipitíteas C orthu in ospidéal phobail agus in ospidéal ghéarmhíochaine araon.
 - 2026 ar aghaidh — an aidhm a bhí ann dul chun cinn a dhéanamh i dtreo is go mbeadh heipitíteas C ina ghalar neamhchoitianta in Éirinn.

15.49 Na struchtúir rialachais a bhí sonraithe sa phlean, cuireadh i bhfeidhm iad i Márta 2016. Ceapadh bainisteoir cláir agus stiúrthóir cliniciúil mar chuid de na struchtúir sin. In 2017, cuireadh tús le clár píolótach i seirbhísí andúile FSS agus é mar aidhm leis an chóireáil a fhairsingiú chuig suíomhanna pobail agus géarmhíochaine. Tar éis measúnú a dhéanamh ar an gclár píolótach sin, tá sé beartaithe cóireálacha a fhairsingiú chuig ionaid cóireála drugaí eile agus féachaint ar a fhéideartha atá sé cóireáil a chur ar fáil i suíomhanna eile, príosúin agus cógaslanna pobail ina measc.

Dul chun cinn maidir le cóireáil a sholáthar agus an costas a bhaineann leis

- 15.50** Grúpa cliniceoirí a bhunaigh bunachar sonraí in 2012 chun faisnéis a thairgeadh ar an líon othar a raibh cóireáil á cur orthu. Tar éis bhunú an chláir chun cóireáil a chur ar heipitíteas C in 2015, rinneadh an chlár reatha a fhorbairt chun faisnéis ar othair agus torthaí a thairgeadh d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na réimeanna drugaí agus an chláir cóireála.
- 15.51** Shonraigh FSS nach raibh fáil éasca ar shonraí iomlána cruinne maidir leis an líon othar ar cuireadh cóireáil orthu, na réimeanna drugaí a úsáideadh, agus costas agus torthaí na cóireála do na blianta idir 2004 agus 2014 toisc nach raibh clárann chuimsitheach chóireála ann sna blianta sin. Shonraigh FSS gur ghá taifid na n-othar go léir sna hospidéal éagsúla a chioradh chun an fhaisnéis sin a thiomnú. Chun críche an iniúchta seo, d'iarr FSS faisnéis ó ospidéal ina raibh cóireáil le haghaidh heipitíteas C á cur ar fáil sna blianta sin.
- 15.52** Shonraigh FSS gur sonraí neamhiomlána atá ann ach, mar sin féin, bunaithe ar a mheastachán is fearr, cuireadh cóireáil ar thart ar 147 othar gach bliain. Chríochnaigh 86% díobh an chóireáil, agus bhí toradh fabhrach ann in 69% de na cásanna. Níl faisnéis iomlán ag FSS maidir le costais na cóireála sa tréimhse.

An Clár Náisiúnta chun Heipitíteas C a Chóireáil


- 15.53** Cuireadh tús leis an gclár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil in 2015, agus is é is aidhm bhunúsach leis cóireáil a chur ar fáil i suíomhanna cúraim sláinte éagsúla do gach duine in Éirinn a bhfuil heipitíteas C orthu. In 2015, rinne an Roinn Sláinte €30 milliún a leithdháileadh chun heipitíteas C a chóireáil le go bhféadfaí cóireáil a chur ar thart ar 300 duine. Tá an tsuim sin á leithdháileadh ag an Roinn Sláinte don chlár gach bliain ó 2015 ar an mbunús go ndéanfaí téarmaí tráchtála níos fearr a chaibidlíú le soláthraithe na ndrugaí ionas go bhféadfaí cur leis an líon othar a d'fhéadfaí a chóireáil leis an leithdháileadh céanna.
- 15.54** Bíonn an Roinn Sláinte i dteagmháil rialta le bainisteoir an chláir náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil, agus soláthraítear tuairiscí feidhmíochta reatha ina dtugtar sonraí ar an gcaiteachas agus ar an dul chun cinn atá bainte amach go dtí sin.
- 15.55** Déantar anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis an líon othar a bhfuil cóireáil de dhíth orthu, na cineálacha cóireála atá ar fáil, agus torthaí na cóireála. Bunaithe ar an anailís sin, déanann FSS caibidlíocht le cuideachtaí drugaí agus comhaontaíonn conarthaí chun drugaí a cheannach. Déanann an tSeirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil costas iomlán an druga cheannaithe a aisíoc leis an ionad cóireála, agus éilíonn lacáiste ar bith atá ar fáil ón gcuideachta drugaí. Bhí lacáistí i gceist le go leor de na comhaontuithe a rinneadh le cuideachtaí drugaí roimh 2018 sa chás gur ceannaíodh líon áirithe den druga.

15.56 Tá ocht bpríomhionad cóireála in Éirinn. Déantar na hothair a thástáil sna hionaid sin agus, má tá heipítíteas C orthu, cuirtear an diagnóis in iúl don Oifigeach Leighis Sláinte sa Roinn Sláinte agus don bhunachar sonraí náisiúnta faoi na Rialacháin maidir le Galair Aicídeacha. Roghnaíonn an t-ionad cóireála othair atá oiriúnach le haghaidh cóireála, ceannaíonn sé an druga go díreach ón gcuideachta drugaí faoin gconradh, cuireann sé an clár cóireála ar fáil, agus iarrann sé ar an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil costas an druga a aisíoc leis.

Torthaí na cóireála

15.57 Tá an líon iomlán othar ar cuireadh cóireáil orthu idir 2015 agus 2017 mar aon le toradh na cóireála leagtha amach i Fíor 15.6 thíos.

Fíor 15.6 Torthaí ar an gcóireáil a cuireadh ar fáil, 2015 go 2017



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Chlárlann Náisiúnta maidir le Heipítíteas C a Chóireáil

15.58 Déantar an toradh ar an gcóireáil a thomhas dhá sheachtain déag tar éis dheireadh na cóireála. Sa tréimhse idir 2015 agus 2017, chríochnaigh líon iomlán de 2,133 othar an chóireáil (1,061 othar in 2017), agus tá faisnéis maidir le toradh na cóireála le fáil le haghaidh tuairim is 90% de na hothair sin. Léirítear leis an bhfaisnéis sin gur éirigh leis an gcóireáil an víreas a leigheas i dtuairim is 94% de na cásanna. Tá sé sonraithe ag FSS gur idir 95% agus 100% an ráta sin ó 2017.

Caiteachas in 2017

15.59 Rinne an Roinn Sláinte glanbhuiséad €30 milliún a leithdháileadh don chlár chun heipítíteas C a chóireáil do 2017, agus sonraíodh na nithe seo a leanas:

- ba cheart cóireáil a chur ar na hothair is tinne i dtosach báire
- ba cheart go mbeadh cóireáil curtha ar fáil do gach othar a tholg an víreas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí Stáit agus/nó ba cheart go mbeadh an chóireáil tosaithe acu faoi dheireadh na bliana 2017.

15.60 Níor leagadh amach sa leithdháileadh buiséid an líon othar a rabhthas ag súil le cóireáil a chur orthu. Baineann tuairim is 97% den bhuiséad le caiteachas ar dhrugaí agus ar leigheas, agus úsáidtear 3% chun íoc as costais a bhaineann le cothabháil na clárlainne náisiúnta maidir le heipítíteas C agus as na costais foirne a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar sna hionaid chóireála éagsúla.


- 15.61** I Meán Fómhair 2016, thug FSS faoi mheastachán a dhéanamh ar an líon othar a d'fhéadfaí tosú ar chóireáil in 2017 laistigh den bhuiséad a bhí ar fáil. Chuige sin, iarraidh faisnéis ó gach ionad cóireála maidir leis an líon othar ar sainaitníodh iad mar a bheith réidh agus ar dócha go gcríochnóidís an chóireáil.
- 15.62** Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, mheas FSS go bhféadfadh thart ar 1,600 othar tosú ar chóireáil sa tréimhse 14 mhí idir an 1 Samhain 2016 agus deireadh mhí na Nollag 2017. San fhaisnéis a fuarthas ó na hionaid chóireála, léiríodh freisin go raibh cóimheas 3:1 i gceist leis na hothair a bhí réidh don chóireáil i ndáil leis an gcóimheas géinitíopa 1 : géinitíopa 3.¹
- 15.63** I nDeireadh Fómhair 2016, chuir FSS tús le caibidlíocht chun téarmaí ní b'fhabhraí a bhaint amach le soláthraithe drugaí. Caibidlíodh laghduithe ar liostphraghas na ndrugaí bunaithe ar mhéideanna áirithe de chineálacha drugaí a cheannach agus fad na cóireála.² Roghnaigh an clár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil cineál áirithe druga chun gach géinitíopa a chóireáil bunaithe ar an luach ab fhearr.
- 15.64** Cuireadh na laghduithe ar phraghsanna ar fáil i bhfoirm lacáistí tar éis na drugaí a cheannach ar a liostphraghas. Bhí foráil sna comhaontuithe a síníodh i Samhain 2016, lenar cuimsíodh an tréimhse idir Samhain 2016 agus Nollaig 2017, do cheannach 1,200 cóireáil do ghéinitíopa 1 agus 400 cóireáil do ghéinitíopa 3 (.i. cóimheas 3:1). Ba é €22,405 an meánchostas intuigthe ar an gcóireáil.
- 15.65** Rinne FSS treoirínte cóireála a fhorbairt freisin inar sonraíodh go gcuirfí cóireáil ar fáil i dtosach do na hothair ba thinne a bhí réidh le haghaidh a gcóireála. Rinne grúpa comhairleach an chlár cóireála na paraiméadair chóireála a fhairsingiú go luath in 2017, agus tugadh treoir do na hionaid chóireála othair a roghnú buanaithe ar a n-ullmhacht don chóireáil, anuas ar othair a bhreithníú ar bhonn riachtanas clínicíuil de réir threoirínte cóireála náisiúnta FSS.
- 15.66** Bainistíodh an caiteachas ar an gclár trí thagairt don ghlancaiteachas carnach — an caiteachas arna thabhtú chun drugaí a cheannach agus na lacáistí arna bhfáil ó sholáthraithe drugaí. D'fhéadfadh sé tarlú nach léirítear luach na lacáistí atá dlíte ó sholáthraithe (nach bhfuil faighte go fóill) maidir leis na drugaí a ceannaíodh sa ghlancaiteachas carnach i mí ar leith.
- 15.67** Díreach os cionn €29.9 milliún an glancaiteachas iomlán in 2017. Chuir tuairim is 1,072 othar tús le cóireáil in 2017, ar ghlanchostas €27,911 ar an meán.³ Léirítear i Fíor 15.7 glancaiteachas carnach an chlár i gcomparáid leis an leithdháileadh glanbhuiséid carnach in 2017. Amhail Iúil 2017, ba é €27.3 milliún glancaiteachas carnach an chlár. Chuir FSS an clár ar fionraí go sealadach mar thoradh air sin.

1 Is iad géinitíopa 1 agus géinitíopa 3 na géinitíopaí is coitianta den víreas heipitíteas C in Éirinn.

2 Bíonn idir ocht seachtaine agus 24 seachtaine i gceist le gach babhta chóireála.

3 D'fhéadfaí a léiriú leis an gcostas iomlán arna thabhtú ar an gclár i mbliain ar leith na costais ar othair i gcás inar ceannaíodh na drugaí sa bhliain roimh thús na cóireála.


Fíor 15.7 Glancaiteachas carnach agus leithdháileadh glanbhuiséid do 2017



Foinse: Tuarascálacha feidhmíochta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 15.68** Aisghabhadh lacáistí idir Iúil agus Deireadh Fómhair, rud a d'fhág gurbh fhéidir leanúint leis an gcóireáil arís tar éis an tsamhraidh, faoi mar a léirítear i Fíor 15.8.

Fíor 15.8 Líon othar a thosaigh ar chóireáil in 2017 de réir géinitíopa




Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Chlárlann Náisiúnta maidir le Heipitíteas C a Chóireáil

Nótaí: a Cuimsítear le 'eile' géinitíopa 2, géinitíopa 4, géinitíopa 6, géinitíopaí measctha, agus géinitíopa neamhaithnid.

- 15.69** I rith 2017, cuireadh cóireáil ar bheagnach 300 othar níos lú ná an sprioc a bhí leagtha amach ar chostas tuairim is 25% níos mó in aghaidh an othair ar an meán. Faoi mar a léirítear i Fíor 15.9, i measc na n-othar a thosaigh ar chóireáil in 2017, le géinitíopa 1 a bhain 671 othar nó 63% agus le géinitíopa 3 a bhain 316 othar nó 29% (cóimheas 2.1:1). Le géinitíopaí eile a bhain 8% de na hothair a chóireáladh.


Fíor 15.9 Líon othar a thosaigh ar chóireáil in 2017 de réir géinitíopa



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Chlárlann Náisiúnta maidir le Heipitíteas C a Chóireáil

Nótaí: a Cuimsítear le 'eile' géinitíopa 6 (beirt othar), géinitíopaí measctha (naonúr othar) agus géinitíopaí neamhaithnid (23 othar).

Fíor 15.10 Próiseas na clárlainne cóireála náisiúnta



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Chlár Náisiúnta chun Heipitíteas C a Chóireáil

- 15.70** Na hothair ar fad a roghnaítear don chóireáil, ní mór dóibh a bheith cláraithe ar an gClárlann Chóireála Náisiúnta (Fíor 15.10). Ní mór do gach ionad foirm tosaithe cóireála a chomhlánú agus a chur isteach chuig an gClárlann Chóireála Náisiúnta sula dtosaítear ar chóireáil a chur ar othar. Bíonn faomhadh ar aisíocaíocht ón tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil ag teastáil freisin roimh thús na cóireála.

- 15.71** Bíonn an fhaisnéis sin ag teastáil ar bhonn rialta mar chabhraíonn an fhaisnéis leis an gclár chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaiteachas agus lena chinntiú go dtacaíonn an buiséad i gcónaí don líon othar atá roghnaithe le haghaidh cóireála. Mar sin féin, i ndáil leis an tréimhse luath in 2017, shonraigh FSS nár fheidhmigh na rialúcháin sin mar ba cheart toisc nár chuir roinnt ionaid chóiriúla in iúl don chlárann chóireála náisiúnta go raibh othar tar éis tosú ar chóireáil agus/nó gur thosaigh siad ar chóireáil a chur ar othair roimh fhaomhadh ar aisíocaíocht a fháil ón tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil.
- 15.72** Dá bhrí sin, ní bhfuair an clár eolas ar bith ar an líon othar iarbhír a raibh cóireáil á cur orthu ná ar na costais iomlána go dtí gur sheol na hionaid chóireála na héilimh ar aisíocaíocht chuig an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil. Tháinig sé sin chun solais timpeall ar mhí Aibreáin 2017 nuair a léiríodh sna héilimh a bhí seolta isteach ag na hionaid chóireála, dá leanfaí leis an ráta tosaithe cóireála idir Eanáir agus Aibreán 2017, go mbeadh iomlán an bhuiséid ar fáil ídithe faoi Dheireadh Fómhair 2017.
- 15.73** Faoi Mheitheamh 2017, léiríodh sna héilimh a bhí á gcur isteach ag na hionaid chóireála go bhfuil méadú mór ar an líon othar atá ag tosú ar a gcóireáil. Ina theannta sin, léiríodh sna héilimh nach raibh an réim drugaí lena rabhtas ag súil á hordú i ngach cás ar chúiseanna cliniciúla. Go háirithe, i gcás líon áirithe othar géinitíopa 1, ordaíodh réimeanna drugaí eile a bhí dhá oiread ní ba chostasáí ná an réim drugaí roghnaithe ar an meán.
- 15.74** Faoi dheireadh Iúil 2017, tráth a bheadh tuairim is 60% den ghlanbhuiséad caite dar le FSS, bhí formhór an ghlanbhuiséid a bhí ar fáil caite cheana féin. Cuireadh an clár ar fionraí le cur ar chumas FSS fáil amach cén líon othar a bhféadfaí cóireáil a chur orthu go dtí deireadh 2017 faoin mbuiséad a bhí fágtha.
- 15.75** I Meán Fómhair 2017, cuireadh in iúl do na hionaid chóireála go bhféadfaí tosú ar chóireáil a sholáthar arís ach nach bhféadfaidís ach othair a roghnú lena gcóireáil ina n-úsáidifí an réim roghnaithe chun cóireáil a chur ar ghéinitíopa 1.
- 15.76** Shonraigh FSS gur glacadh an cinneadh sin chun rochtain a thabhairt do chliniceoirí ar chóireáil éigin go dtí go mbeadh nuashonrú ar fáil ar an seasamh airgeadais. I nDeireadh Fómhair 2017, cuireadh in iúl do na hionaid chóireála go bhféadfaidís othair a roghnú bunaithe ar na riachtanais ba chriticiúla, mar shampla na hothair sin a bhfuil galar ae ainsealach orthu.¹ Leanadh leis na nósanna imeachta sin go dtí deireadh 2017 lena chinntiú go raibh an clár ag feidhmiú laistigh den bhuiséad don bhliain.

Cóireáil ar heipitéas C amach anseo

- 15.77** Tá sé sonraithe ag FSS go bhféadfadh sé tarlú nárbh é costas na ndrugaí a chuirfeadh srian ar an gcóireáil ar heipitéas C a thuilleadh. Ó cuireadh tús leis an gclár cóireála náisiúnta in 2015, tá laghdú mór tagtha ar chostas na ndrugaí a úsáidtear chun heipitéas C a chóireáil agus chuir bearta soláthair le déanaí ar chumas FSS cur go mór leis an líon othar is féidir a chóireáil.
- 15.78** Mar sin féin, tosca amhail líon sainithe ionad cóireála ina gcuirtear cóireáil ar othair laistigh d'ospidéal den chuid is mó, d'fhéadfadh na tosca sin a bheith ar an srian ba mhó go dtí go ndéanfaí ionaid chóireála eile a shainnithint agus a chur ar bun.

¹ Bhí an galar ae ainsealach bunaithe ar scór Childs Pugh de A, B nó C.

- 15.79** Chuir FSS dhá ionad cóireála nua ar bun ar bhonn píolótach laistigh den tseirbhís andúile in 2017, mar aon leis an tríú hionad in 2018. Shonraigh FSS go bhfuil sé beartaithe ionaid eile a chur ar bun in 2018, rud a chuirfidh leis an acmhainn chóireála anuas ar an gcóireáil is féidir a thosú laistigh de shuíomh ospidéil. Tríd an gcóireáil a fhairsingiú chuig an bpobal, tacaítear freisin le haidhm an chláir an chóireáil ar heipitíteas C a chomhtháthú thar na suíomhanna cúraim sláinte ar fad.
- 15.80** Níl spriocanna leagtha amach go fóill maidir leis an líon othar a gcuirfeadh cóireáil orthu sa bhliain suas go dtí 2026. Ina ionad sin, tá an clár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil ag spreagadh na n-ionad cóireála chun cóireáil a chur ar fáil don oiread othar agus is féidir.
- 15.81** €30 milliún a bheidh mar an buiséad bliantúil go fóill. Tá laghdú leanúnach ar chostas na gcóireálacha drugaí agus meastar go mbeidh an meánchostas cóireála in aghaidh an othair in 2018 faoi bhun €15,000.

Conclúidí agus moltaí

- 15.82** Cuireadh roinnt scéimeanna agus tacaíochtaí i bhfeidhm don 1,700 duine in Éirinn a ionfhabhtaíodh leis an víreas heipitíteas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe, idir na 1970idí agus na 1990idí den chuid ba mhó. Tabhaíodh caiteachas díreach os cionn €1.5 billiún ina leith sin go dtí seo. Baineann breis is trí cheathrú de na costais a tabhaíodh le cúiteamh agus le costais ghaolmhara lena n-áirítear costais dlí agus riaracháin. Ar sheirbhísí ospidéil agus cúraim phríomhúil a cuireadh ar fáil gan chostas do na hothair sin a tabhaíodh an chuid ba mhó den chaiteachas eile.
- 15.83** Shonraigh FSS go bhfuil dul chun cinn mór déanta maidir le cóireáil ar heipitíteas C a chur ar fáil mar thoradh ar chlár cóireála náisiúnta a fhorbairt in 2015 agus toisc go raibh cóireáil curtha ar fáil faoi dheireadh 2017 do na hothair ar fad a ionfhabhtaíodh trí mheán fola agus táirgí fola. Ó 2017 i leith, bhí toradh fabhrach ann i gcás tuairim is 98% de na hothair a roghnaigh dul faoi chóireáil.
- 15.84** Rinneadh galar infhógartha de heipitíteas C in 2004, agus bhí 14,704 cás curtha in iúl faoi dheireadh na bliana 2017. Agus cásanna neamhdhiagnóisithe dealraitheacha á gcur san áireamh, measann FSS go bhfuil an víreas heipitíteas C ar idir 20,000 agus 30,000 duine in Éirinn.
- 15.85** I straitéis a foilsíodh in 2012, moladh go bhforbrófaí clár náisiúnta d'othair a bhfuil heipitíteas C orthu. Níl aon dul chun cinn déanta air sin mar thoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le toiliú agus cosaint sonraí. Tá forbairt déanta ar chlárlann chóireála ina dtaifeadtar sonraí na n-othar a bhfuil cóireáil á cur orthu, agus tá sonraí ann faoi láthair ar díreach os cionn 3,600 othar.

Moladh 15.1

Ba cheart do FSS dul chun cinn a dhéanamh ar bhunachar sonraí a fhorbairt d'othair a bhfuil heipitéas C orthu, agus bheadh an bunachar sonraí sin nasctha leis an gclárann chóireála. Ar an gcaoi sin, sholáthrófaí faisnéis úsáideach maidir le clár chóireála náisiúnta a phleanáil.

Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS

Aontaithe.

Aontaítear gur chabhair mhór a bheadh i bprionsabal agus i gcoincheap chomhroinnt na faisnéise sin agus i nasc idir an dá bhunachar faisnéise chun clár chóireála náisiúnta a phleanáil. Mar sin féin, tá roinnt ceistanna ann maidir le toiliú na n-othar, reachtaíocht agus cosaint sonraí, agus is gá na ceistanna sin a réiteach roimh na clárlanna a nascadh le chéile.

- 15.86** Tá roinnt pleananna agus straitéisí ann ó 2004 maidir le dul i ngleic le heipitéas C in Éirinn. Cuireadh clár náisiúnta chun heipitéas C a chóireáil ar bun in 2015. Glacadh sprioc fhoriomlán chun go mbeadh heipitéas C ina ghalar neamhchoitianta in Éirinn faoi 2026, ach níor leagadh amach spriocanna maidir leis an líon chóireálacha a bheadh le seachadadh in aghaidh na bliana.
- 15.87** Níor cuireadh i bhfeidhm go leor de na príomhstruchtúir rialachais go dtí Márta 2016, ceapachán bainisteora cláir agus grúpa chomhairligh chliniciúil ina measc. Níl fáil ar shonraí iontaofa i ndáil leis an líon othar ar cuireadh cóireáil orthu idir 2004 agus 2014. Mar sin féin, chríochnaigh líon iomlán de 2,133 othar a gcóireáil idir 2015 agus 2017.
- 15.88** Mar gheall ar an mbuiséad teoranta atá ar fáil agus ar an gcostas éagsúil ar an gcóireáil, is gá do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar an líon othar a mbeadh cóireáil ag teastáil uathu gach bliain agus ar an mbuiséad a bhainfeadh leis sin má tá an sprioc maidir le galar neamhchoitianta a dhéanamh de heipitéas C faoi 2026 a bhaint amach.

Moladh 15.2

Ba cheart do FSS plean chóireála a fhorbairt ina leagfaí amach an líon riachtanach chóireálacha gach bliain le go mbainfí amach an sprioc maidir le galar neamhchoitianta a dhéanamh de heipitéas C faoi 2026. Ba cheart go saineofaí sa phlean na socruithe monatóireachta agus tuairiscithe, an fhaisnéis atá ag teastáil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid a bhainfeadh amach, agus bealaí formhéadaithe chun eisceachtaí a bhainistiú.

Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS:

Aontaithe.

Bíodh is go mbeidh tionchar ag costas na drugaí ar phlean chóireála a fhorbairt, aithnítear gur gnéithe criticiúla iad cásanna neamhdhiagnóisithe a shainaitheint, cóireáil a sholáthar i suíomhanna eile, agus treoirlinnte scagthástála a chur i bhfeidhm chun go mbeidh heipitéas C ina ghalar neamhchoitianta in Éirinn faoi 2026. Mar gheall ar na straitéisí comhthreomhara atá riachtanach chun aidhmeanna an chláir a bhaint amach maidir le galar neamhchoitianta a dhéanamh de heipitéas C in Éirinn faoi 2026, is gá acmhainní a chur ar fáil i réimsí amhail scagthástáil, tástáil, soláthar chóireála, rochtain agus comhtháthú na chóireála i suíomhanna pobail. Ina theannta sin, tá an clár náisiúnta heipitéas C ag féachaint faoi láthair ar a fhéideartha atá modhanna samhaltaithe oiriúnacha chun treoir a thabhairt do phleanáil na chóireála.

- 15.89** Ba é thart ar €30 milliún an glanchaitheas iomlán ar an gclár chun heipitéas C a chóireáil in 2017, agus chuir 1,072 othar tús lena gcóireáil ar ghlanchoistas thart ar €28,000 ar an meán. Bhí an toradh an-difriúil lena raibh beartaithe.

Moladh 15.3

Ba cheart do FSS a áirithiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun an buiséad cláir a bhainistiú agus go gcuimsítear leo tuairisciú rialta idir na hionaid chóireála agus an clár heipitéas C maidir leis an líon othar ag tosú ar a gcóireáil lena áirithiú go bhfuil tacaíocht sa bhuiséad i gcónaí don líon othar atá roghnaithe don chóireáil.

Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS

Aontaithe.

Mar thoradh ar theacht ar an bhfód drugaí pain-ghéinitíopacha in 2017/2018, bíonn an costas ar chóireáil a chur ar othar a bhfuil heipitéas C air comhsheasmhach go maith beag beann ar an ngéinitíopa. Ba thoisc theorantach é sin i mblianta roimhe seo, mar d'fhéadfadh éagsúlacht mhór sa chostas a bheith ann ag brath ar ghéinitíopa na n-othar. Déanann an clár náisiúnta chun heipitéas C a chóireáil monatóireacht rialta ar an líon beartaithe othar a gcuirfeadh tús lena gcóireáil ar bhonn rialta chun ag gach ionad cóireála mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar an líon othar a bhfuil tús curtha lena gcóireáil cheana féin gach mí. Déanann an clár monatóireacht freisin ar an líon othar atá ag fanacht ar chóireáil i ngach ionad cóireála agus déantar athbhreithniú rialta ar shonraí le faisnéis a fháil ar othair atá cláraithe don chóireáil ach nach bhfuil an chóireáil tosaithe acu.

Iarscríbhinn 15A Costais arna dtabhú i ndáil le hionfhabhtú trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe

Bliain	An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997 ^a			Seirbhísí Sláinte	Binse Fiosrúcháin ^b	Iomlán
	S.10	S.11	S.4			
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
1995	76.2 ^c	—	—	—	—	76.2
1996	—	—	—	2.8	—	2.8
1997	34.3	19.0	—	5.9	—	59.2
1998	113.0	19.0	—	8.3	—	140.3
1999	59.7	11.4	—	8.4	1.0	80.5
2000	47.6	7.0	—	10.3	4.6	69.5
2001	49.5	7.6	—	11.6	5.7	74.4
2002	44.3	6.4	—	13.0	1.2	64.9
2003	46.6	8.3	—	13.8	9.9	78.6
2004	53.0	8.5	—	14.2	17.8	93.5
2005	63.5	8.5	—	14.8	7.0	93.8
2006	64.3	11.3	—	16.8	—	92.4
2007	54.9	9.0	—	16.0	— ^d	79.9
2008	64.3	11.4	0.2	15.3	—	91.2
2009	49.0	5.2	0.4	15.0	—	69.6
2010	42.0	6.4	0.9	15.2	—	64.5
2011	28.6	3.6	1.3	14.5	—	48.0
2012	25.3	3.3	0.7	14.2	—	43.5
2013	21.2	3.0	0.9	14.9	—	40.0
2014	24.0	3.2	1.7	14.2	—	43.1
2015	17.8	2.9	—	19.6	—	40.3
2016	18.4	3.0	1.7	17.8	—	40.9
2017	15.3	2.4	0.8	17.9	—	36.4
Iomlán	1,012.8	160.4	8.6	294.5	47.2	1,523.5

Foinse: Ráitis Airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Cuntais Leithreasa Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2005 go 2014; Cuntais Leithreasa na Roinne Sláinte, 1995 go 2017.

- Nótaí:
- a Tá foráil in Alt 10 agus Alt 11 den Acht d'íocaíochtaí ama ndámhachtain ag an mBinse do dhaoine ionfhabhtaithe. Tá foráil in Alt 4 do thacaíocht airgeadais maidir le costais árachais daoine ionfhabhtaithe.
 - b Binse Fiosrúcháin i ndáil le hionfhabhtú HIV agus Heipitéas C ar dhaoine a bhfuil Haemaifilia orthu, agus nithe gaolmhara
 - c Íocaíocht leis an gCuntas Speisialta a bunaíodh faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1995, go dtí gur cuireadh na scéimeanna ar bun ar bhonn reachtúil.
 - d Caiteachas €28,000 in 2007.

Iarscríbhinn 15B Stádas na moltaí sa straitéis náisiúnta maidir le heipitíteas C, 2011-2014

Moladh	Freagracht	Cur i bhfeidhm	Achoimre ar an stádas amhail deireadh mhí na Nollag 2017
Faireachas			
1 Ba cheart aitheantóirí iomlána an othair agus sonraí iomlána an chliniceora a chur le gach iarratas saotharlainne ar shéireolaíocht heipitíteas C. Ba cheart do na saotharlanna an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Sláinte Poiblí ina dhiaidh sin.	Cliniceoirí Saotharlanna	●	Tá aitheantóirí iomlána le 95% de na fógraí ar an meán.
2 Cliniceoirí a spreagadh le cásanna nuadhiagnóisithe de heipitíteas C a chur in iúl agus an oiread faisnéise ábhartha agus is féidir a chur ar fáil.	FSS i gcomhar le cliniceoirí cleachtaigh	●	Tagann na fógraí díreach ó na saotharlanna a luaithe a dhéantar an diagnóis.
3 Faireachas feabhsaithe a dhéanamh ar gach cás nuadhiagnóisithe d'ionfhabhtú heipitíteas C.	Na Rannóga Sláinte Poiblí	●	Tá córas faireachais fheabhsaithe i bhfeidhm ó 2007 agus tá sé ar fáil le haghaidh tuairim is 50% de na cásanna arna bhfógairt.
4 Clár náisiúnta d'othair a bhfuil heipitíteas C orthu a chur ar bun (seachas na hothair sin dá dtagraítear mar a bheith "ionfhabhtaithe de bharr an Stáit").	Ranna Sláinte – Réigiún Oirthir FSS	●	Tá clárann cóireála heipitíteas C de gach othar ar cuireadh cóireáil orthu nó d'othair atá ar tí tosú ar chóireáil forbartha ag an gclár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil. Tá saincheisteanna ó thaobh lóistíochta, eitice agus rúndachta de ag baint le clárann náisiúnta d'othair ionfhabhtaithe, agus is gá iad sin a bhreithniú mar aon le toiliú na n-othar.
5 Gníomhartha leantacha sláinte poiblí cuí a chur ar bun maidir le gach cás nua heipitíteas C a fhógairt.	Na Rannóga Sláinte Poiblí	●	Nasctha le 3 thuas. Tá tús áite tugtha do ghníomhartha leantacha ag na Rannóga Sláinte Poiblí faoi mar atá leagtha amach in Treoirínte maidir le bainistiú fógraí heipitíteas C sna Rannóga Sláinte Poiblí, 2017.
6 Staidéar ar an gcoitiantacht i measc an daonra a dhéanamh.	An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte	●	Rinneadh staidéar ar an gcoitiantacht i measc an daonra in 2016. Foilsíodh páipéar ar an staidéar sin in 2017. Garvey P et al. <i>Hepatitis C virus seroprevalence and prevalence of chronic infection in the adult population in Ireland: a study of residual sera</i> , Aibreán 2014 go Feabhra 2016. Euro Surveill. 2017;22(30):pii=30579. https://doi.org/10.2807/1560-7917.ES.2017.22.30.30579

Moladh	Freagracht	Cur i bhfeidhm	Achoimre ar an stádas amhail deireadh mhí na Nollag 2017
7 Gníomh samhaltaithe a dhéanamh chun an t-ualach galair amach anseo a mheas agus chun cabhrú le pleanáil seirbhísí.	FSS – Rannóg Sláinte Poiblí (Réigiún an Oirthir), HPSC An Bord Taighde Sláinte agus an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris	●	D'fhoilsigh HPSC agus an Bord Taighde Sláinte staidéar in 2017 maidir le coitiantacht heipitíteas C i ndaoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh. Cabhraíonn na torthaí leis an ualach galair a mheas mar léirítear iontu an líon daoine ionfhabhtaithe agus fad a n-ionfhabhtaithe. Carew et al. Incidence of hepatitis C among people who inject drugs in Ireland. <i>Hepatology, Medicine and Policy</i> (2017) 2:7. DOI 10.1186/s41124-017-0024-1.
8 Staidéir iar-iniúchta a dhéanamh i measc daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh chun séireachomhshóiteoirí agus, ar an gcaoi sin, rátaí coitiantachta a shainaithint.	FSS agus soláthraithe seirbhíse	●	Féach an nuashonrú faoi phointe 7 thuas. D'fhéadfadh sé a bheith casta dul chun cinn a dhéanamh mar gheall ar shrianta maidir le cosaint sonraí.

Oideachas, cosc agus cumarsáid

9 Cur leis an líon saoráidí cóireála drugaí lena n-áirítear aonaid díthocsainiúcháin, clinicí meataadóin, cóireáil ar chineálacha andúile seachas mí-úsáid hearóine trí instealladh srl., go háirithe lasmuigh de Réigiún an Oirthir.

Liostaí feithimh reatha ar chóireáil a laghdú

An mhoill idir measúnú agus cóireáil a laghdú.

Díriú ar úsáideoirí drugaí óga agus nuathosaithe.

Seirbhísí iomlánaíochta solúbtha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais gach úsáideora drugaí lena n-áirítear úsáideoirí drugaí gan dídean agus úsáideoirí drugaí ó phobail nua.

Cláir cóireála andúile drugaí atá bunaithe sa phríosún a fhorbairt a bhfuil nasc acu le cláir phobalbhunaithe chun gur féidir le príosúnaigh leanúint dá gcóireáil nuair a scaoiltear saor iad.

Seirbhísí iarchúraim agus seirbhísí athshlánaithe a chur ar fáil chun athiompú a chosc.

FSS
Eagraíochtaí atá ann
cheana féin

- De réir an Phríomhliosta Cóireála — bhí 74 clinic agus 311 dochtúir ginearálta rannpháirteach i gcláir mheatadóin (gan phríosúin a bheith san áireamh) in 2011 — bhí 80 clinic agus 376 dochtúir ginearálta rannpháirteach i gcláir mheatadóin (gan phríosúin a bheith san áireamh) in 2017.

Tá méadú mór tagtha ar an líon leapacha i seirbhísí cónaitheacha ó bhí 2007 ann mar thoradh, den chuid is mó, ar an soláthar méadaithe leapacha i saoráidí cónaitheacha pobalbhunaithe. De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil (lena n-áirítear soláthar príobháideach), meastar go bhfuil 148 leaba díthocsainiúcháin ar fáil faoi láthair go náisiúnta. Áirítear leis na 148 leaba díthocsainiúcháin sin 19 leaba in aonaid chónaitheacha díthocsainiúcháin, 125 leaba in aonaid chónaitheacha díthocsainiúcháin phobalbhunaithe, agus 4 leaba in aonaid chónaitheacha díthocsainiúcháin d'ógánaigh.

Amhail deireadh mhí na Nollag 2017, ba é 98.5% an céatadán de mhí-úsáideoirí substaintí (os cionn 18 mbliana d'aois) a raibh cóireáil tosaithe acu laistigh d'aon mhí féilire amháin tar éis a measúnaithe (i gcomparáid le sprioc feidhmíochta náisiúnta de 100%).

Amhail deireadh mhí na Nollag 2017, ba é 96.5% an céatadán de mhí-úsáideoirí substaintí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) a raibh cóireáil tosaithe acu laistigh d'aon seachtain amháin tar éis a measúnaithe (i gcomparáid le sprioc feidhmíochta náisiúnta de 100%).

Tar éis cleachtadh scoipe i measc foirne andúile (cuimsiú sóisialta), soláthar seirbhíse do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois agus athbhreithniú ar sholáthar leibhéal 4 do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois, ceadaíodh cistiúchán breise chun cóireáil bhreise a cheannach do chóireáil chónaithe do dhaoine faoi 18 agus chun 4 Altraspeisialtóirí Cliniciúla agus 2 Chomhairleoirí do Dhaoine Óga a fhostú chun cur leis na 9 bhfoireann andúile leibhéal 3 ildisciplíneacha do dhaoine faoi 18 in Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Phobail 1, 2, 3, 6. Tá FSS ag cur faoi láthair le seirbhísí do dhaoine faoi 18 agus fostófar 4 Altraspeisialtóirí Cliniciúla agus 2 Chomhairleoirí do Dhaoine Óga chun cur leis na foirne andúile leibhéal 3 ildisciplíneacha do dhaoine faoi 18 ar fud Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Phobail 1, 2 agus 3 mar aon le háit amháin in Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail 6.

Amhail deireadh mhí Mheán Fómhair 2017, bhí 925 duine (9%) cláraithe mar a bheith gan dídean ar an bPríomhliosta Cóireála, agus bhí 9 gcinn de chlinicí teiripe ionadaithe le hóipiámóidigh (OST) ag feidhmiú i mBrúna i mBaile Átha Cliath agus bhí cóireáil á cur ar 157 duine iontu.

Le blianta fada, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag obair leis na seirbhísí andúile pobail lena chinntiú go bhfuil cúram iomlán pleanáilte i bhfeidhm le haghaidh gach príosúnaigh atá á scaoileadh saor. Is maith mar a fheidhmíonn an cur chuige sin leis na foirne áitiúla andúile. I gcás na bpríosúnach ar fad a thosaigh ar OST sa phríosún, deimhnítear socrúchán pobail iarscaoilte aitheanta dóibh roimh thús na cóireála sa phríosún. Is maith mar a fheidhmíonn sé sin i gceantair mhóra uirbeacha ach tá dúshlán ann i gcónaí, mar sin féin, i gceantair thuaithe ina bhfuil an bonneagar pobail teoranta.

Cuid mhór den obair andúile sna príosúin is ea cosc a chur ar athiompú agus laghdú dochair. Bíodh is nach bhfuil aon seirbhísí pobail ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann, déantar leanúnachas an chuir chuige sin a chothú agus a phleanáil i gcomhar leis na seirbhísí pobail. Is léir, áfach, gur ar an duine féin a bhraiteann comhlíonadh agus rannpháirtíocht le seirbhísí pobail agus roghnaíonn daoine áirithe éirí as an gcóireáil ar scaoileadh saor dóibh. Mar sin féin, tugtar an t-eolas ar fad do gach príosúnach agus tugtar nasc leis na seirbhísí pobail dóibh.

<p>10 Idirghabhálacha a fhorbairt chun moill / cosc a chur ar an aistriú ó dhrua a chaitheamh go dtí druga a instealladh, lena n-áirítear oiliúint do bhaill foirne i dteicnící agallaimh spreagúil agus idirghabhálacha gairide.</p> <p>Cóireáil a chur ar an andúil drugaí sna daoine sin atá spleách ar dhruaí ach nach bhfuil ag instealladh go fóill, de réir táscairí feidhmíochta náisiúnta mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí.</p>	<p>FSS</p>	<ul style="list-style-type: none"> Ba é 778 an líon foirne measta ar cuireadh oiliúint orthu in 2017 maidir le SAOR Scagthástáil agus Idirghabháil Ghairid le haghaidh mí-úsáid alcóil agus drugaí. <p>Tháinig laghdú ar an gcomhréir cásanna nua a thuairiscigh go ndearna siad drugaí a instealladh ag am éigin sa tréimhse 2009 go 2015. 19.7% a bhí ann in 2009 agus 14.5% a bhí ann in 2015. Tháinig laghdú ar an gcomhréir cásanna ar cóireáladh iad roimhe seo a thuairiscigh go ndearna siad drugaí a instealladh ag am éigin ó 50.2% in 2009 go dtí 46.1%. Mar sin féin, tháinig méadú 38.4% ar an líon iarbhir cásanna ar cóireáladh iad roimhe seo agus a thuairiscigh go ndearna siad drugaí a instealladh ag am éigin ó 1,952 cás in 2009 go 2,701 cás in 2015. Bhí comhréir na gcásanna ar fad (lena n-áirítear cásanna nua agus cásanna a cóireáladh roimhe sin) a thuairiscigh instealladh reatha (sa 30 lá roimh an gcóireáil) seasmhach go maith sa tréimhse (thart ar 37%).</p> <p>Bhí comhréir na gcásanna ar fad (lena n-áirítear cásanna nua agus cásanna a cóireáladh roimhe sin) a thuairiscigh go ndearna siad instealladh ag am éigin seasmhach go maith idir 2009 agus 2014. Mar sin féin, in 2015, tháinig laghdú ar an gcomhréir cásanna ar cóireáladh iad roimhe seo a thuairiscigh go ndearna siad drugaí a instealladh ag am éigin ó 52.4% in 2014 go dtí 48.5% in 2015, an ráta ab ísle a tuairiscíodh sa tréimhse seacht mbliana.</p> <p>An Bord Taighde Sláinte (2017), <i>Drug Treatment in Ireland</i> An Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireáil Drugaí (NDTRS) 2009 go 2015, le fáil ar: www.drugsandalcohol.ie/27023 agus ar www.hrb.ie/publications.</p>
<p>11 Dul i mbun oibre i gcomhar le hinsteallairí seanbhunaithe lena spreagadh gan daoine eile a tharraingt isteach sa nós trí oideachas piaraí.</p>	<p>FSS</p> <p>Soláthraithe seirbhíse deonacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tá roinnt taighde déanta ag UISCE (www.myuisce.org) le daoine a mbíonn drugaí á n-instealladh acu maidir le hinstealladh ar an tsráid mar chuid de shaoráidí insteallta sábháilte a fhorbairt. Níl ann d'aon chlár oideachais piaraí ar leith chun cur in aghaidh instealladh drugaí.
<p>12 A chinntiú go bhfuil fáil ag gach úsáideoir drugaí ar ábhair chun dochar a laghdú, beag beann ar an áit a bhfuil siad.</p> <p>Cur leis an soláthar reatha ábhar laghdaithe dochair, go háirithe lasmuigh de Réigiún an Oirthir, i dtéarmaí raon geografach agus ama araon.</p> <p>Deireadh a chur leis an mbeartas malartaithe snáthaidí/steallairí "aon d'aon".</p> <p>Naisc chomhoibríoch a spreagadh le Gardaí áitiúla maidir le hionaid chun ábhair laghdaithe dochair a chur ar fáil.</p>	<p>FSS</p> <p>Soláthraithe seirbhíse deonacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> Faisnéis curtha ar fáil ar láithreán gréasáin www.drugs.ie/resources/publications/guides_and_support_booklets <p>Táthar ag leanúint de chur chuige an laghdaithe dochair a chur i bhfeidhm go náisiúnta, OST, tionscadal nalocsóin, clár malartaithe steallairí agus snáthaidí i gcógaslanna (PNEX). Bíonn cógaslanna PNEX bunaithe i ngach Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail.</p> <p>Cuireann 121 cógaslann seirbhís shaor ar fáil chun snáthaidí a mhalartú i gcathracha agus i mbailte móra lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus Cill Dara. Baineann 1600 cliant ar leith úsáid as an tseirbhís ar fud na tíre gach mí. Tá an Cógaiseoir Idirchaidrimh Náisiúnta do Sheirbhísí Andúile ann ó 2011, agus is é an ról atá ag an duine sin tacú le cógaslanna pobail maidir le seirbhísí laghdaithe dochair a sholáthar.</p> <p>Leanann PNEX d'oideachas a chur ar chliant maidir le diúscairt shábháilte earraí géara.</p> <p>Leanann FSS de chomhoibriú leis an nGarda Síochána chun an Straitéis Náisiúnta Drugaí a chur i bhfeidhm.</p>
<p>13 Soláthar ábhar laghdaithe dochair a chur chun cinn i gcógaslanna.</p>	<p>An Roinn Sláinte</p> <p>FSS</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cuimsítear soláthar ábhar laghdaithe dochair faoi shainchúram PNEX, agus tá PNEX bunaithe i ngach Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail agus táthar ag leanúint dá gcur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta

<p>14 Tionscadal Heipitíteas C i measc Daoine gan Dídean i mBaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach agus a mheas.</p>	<p>Safetynet Tionscadal Drugaí Ana Liffey Cleachtas Teaghlaigh Shráid Mhuinseo FSS</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Foilsíodh <i>Treoirlínte Scagthástála Náisiúnta maidir le Heipitíteas C</i> in 2017, agus tá moltaí sonracha ann maidir le daoine gan dídean. Cuireadh cóireáil heipitíteas C ar othair faoi chúram Safetynet in 2017.
<p>15 Moltaí ón tuarascáil le MQI dar teideal <i>Drug Use Among New Communities: an exploratory study</i> a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta, lena n-áirítear:</p> <p>Teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí drugaí ar deacair iad a mhealladh, iad siúd de bhunadh mionlach eitneach ina measc, trí fhoirne for-rochtana drugaí.</p> <p>Rannpháirtíocht phobail a chur chun cinn i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí.</p> <p>Baill foirne de bhunadh mionlach eitneach a earcú sna seirbhísí drugaí.</p> <p>Oiliúint san inniúlacht frithchíochais agus chultúrtha a chur ar fáil do bhaill foirne sna seirbhísí drugaí mar chuid de thionscnamh níos forleithne le haghaidh gach soláthraí cúraim sláinte agus shóisialta.</p> <p>Oiliúint san fheasacht i leith drugaí a bhaineann go sainiúil le grúpaí cultúrtha éagsúla mar atá léirithe.</p>	<p>FSS — Seirbhísí cóireála drugaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Tá oibríthe for-rochtana ag feidhmiú ar fud roinnt limistéar agus iad cistithe ag FSS agus/nó Tascfhórsaí Drugaí. Cuimsítear lena ról tacaíocht a sholáthar do ghrúpaí daoine ar deacair iad a mhealladh, daoine de bhunadh mionlach eitneach ina measc. Cuirtear oiliúint sláinte idirchultúrtha ar bhaill foirne ag obair le mí-úsáid substaintí ar fud roinnt limistéar mar chuid de thionscnamh níos forleithne sa tseirbhís sláinte. Tá forbairt déanta ar oiliúint SAOR (idirghabháil ghairid do mhí-úsáid alcóil) a bhaineann go sonracha leis an lucht siúil, agus tá an oiliúint curtha ar fáil thar roinnt réimsí. Úsáidtear seirbhísí ateangaire nuair is cúig chun teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse de bhunadh mionlach eitneach i réimsí áirithe. I réimsí áirithe, cuirtear fóraim úsáideoirí seirbhísí ar fáil agus cuimsítear iontu úsáideoirí drugaí ar deacair iad a mhealladh. Cuimsítear earcaíocht foirne de bhunadh mionlach eitneach le beartas earcaíochta FSS. Cuirtear oiliúint chultúrtha ar fáil ar fud na seirbhísí sláinte mar chuid de chur i bhfeidhm níos forleithne Straitéis Sláinte Idirchultúrtha Náisiúnta, 2008-2012, de chuid FSS sa tseirbhís sláinte (le fáil ar https://www.hse.ie/eng/services/publications/socialinclusion/national-intercultural-health-strategy-2007---2012.pdf) Tá an dara straitéis, 2018-2023, á dréachtú faoi láthair.

<p>16 An dréacht de “Treoirlínte Dea-chleachtas maidir le Polladh Coirp” agus de “Treoirlínte Dea-chleachtas maidir le Tatuáil agus Smideadh Buan” le faomhadh ag an Roinn Sláinte agus le dáileadh ar chleachtóirí ar fud na tíre.</p> <p>Gníomhaireacht nó ionadaí le ceapadh ag an Roinn Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin tar éis iad a dháileadh ar chleachtóirí ar fud na tíre.</p> <p>Cigireachtaí rialta, ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí agus le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le réamhchúraimí caighdeánacha.</p> <p>Bileog faisnéise a fhorbairt chun eolas a thabhairt don phobal ar na rioscaí sláinte a bhaineann le polladh coirp, tatuáil agus smideadh buan, agus chun béim a leagan ar na contúirtí a bhaineann le tatúnna agus/nó polladh neamhghairmiúil agus/nó déanta ag an duine féin.</p>	An Roinn Sláinte	<ul style="list-style-type: none"> Faoi láthair, tá doiciméad maidir le cosc ar ionfhabhtú agus treoir rialála á thabhairt chun críche ag an Roinn Sláinte don tionscal tatuála agus pollta coirp. An cuspóir leis an doiciméad is ea treoir a chur ar fáil don tionscal maidir leis an riosca ionfhabhtaithe do chleachtóirí agus do chliant a laghdú ó tharla nach bhfuil ann do rialáil a bhaineann go sonrach leis an earnáil. Tá sé beartaithe na treoirlínte a fhoilsiú níos déanaí i mbliana. Níl sé beartaithe rialachán ná reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo faoi láthair. Leagtar amach sa doiciméad seo an dea-chleachtas maidir le rialú ionfhabhtuithe i dtionscal na tatuála agus an phollta coirp. Is é aidhm an doiciméid na caighdeán is fearr a bhaint amach san earnáil maidir le hionfhabhtuithe a rialú agus a chosc. Cleachtóirí sláinte poiblí agus saineolaithe sa tsláinte chomhshaoil i gcomhar leis an Roinn Sláinte a d’fhorbair na dréacht-treoirlínte.
<p>17 Athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar faisnéise agus oideachais atá in úsáid faoi láthair le cáilíocht na faisnéise a phromhadh (ó thaobh cultúir, teanga agus litearthachta de), a chaighdeánú agus a fheabhsú</p>	FSS	<ul style="list-style-type: none"> Tá bileog faisnéise ar heipitíteas C agus ceisteanna coitianta ullmhaithe ag HPSC agus na Rannóga Sláinte Poiblí, agus tá siad le fáil ar láithreán gréasáin HPSC ar http://www.hpsc.ie/A-Z/Hepatitis/HepatitisC/Factsheetleaflets/ <p>Tugadh an bhileog chun dáta in 2017 agus tá sí ar fáil in 7 dteanga. Tugadh na ceisteanna coitianta chun dáta in Eanáir 2018.</p>
<p>18 Rochtain a éascú ar sheirbhís ateangaireachta atá idir chreidiúnaithe agus chaighdeánaithe do dhaoine nach é an Béarla a dteanga dhúchais</p>	FSS – Stiúthóireacht an Chuimsithe Shóisialta	<ul style="list-style-type: none"> Cuireadh cistiúchán ar fáil chun ateangaireacht a sholáthar do dhéanaithe ag teacht faoi Chlár na hÉireann um Dhéanaithe a Chosaint. <p>Tá forbairt agus cur i bhfeidhm samhla cuimsithí den soláthar ateangaireachta ina eochairghné de Straitéis Sláinte Idirchultúrtha Náisiúnta, 2018-2023, atá le foilsiú ag FSS.</p>
<p>19 Comhairle shoiléir, chomhsheasmhach agus cothrom le dáta a chur ar fáil ar rioscaí tarchurtha heipitíteas C a thabhairt dóibh siúd atá ag gabháil do dhiagnóisiú agus do bhainistiú othar a bhfuil heipitíteas C orthu sa phobal.</p>	FSS – Rannóga Sláinte Poiblí, HPSC	<ul style="list-style-type: none"> Tá bileog faisnéise ar heipitíteas C agus ceisteanna coitianta ullmhaithe ag HPSC agus na Rannóga Sláinte Poiblí, agus tá siad le fáil ar láithreán gréasáin HPSC ar http://www.hpsc.ie/A-Z/Hepatitis/HepatitisC/Factsheetleaflets/ <p>Tugadh an bhileog cothrom le dáta in 2017. Tugadh na ceisteanna coitianta chun dáta in Eanáir 2018.</p>

20	Modúil oiliúna inniúlacht-bhunaithe ar laghdú dochair a chuimsiú dóibh siúd atá ag obair le húsáideoirí drugaí i suíomh pobail atá treoraithe ag caighdeáin náisiúnta i gcur chun cinn na sláinte	FSS trí Ghrúpa Rialachais an Chuimsithe Shóisialta	<ul style="list-style-type: none"> Forbraíodh modúil oiliúna inniúlacht-bhunaithe do chógaiseoirí atá ag obair ar Chláir PNEC atá creidiúnaithe ag Institiúid Cógaisíochta na hÉireann atá freagrach as forbairt ghairmiúil leanúnach do chógaiseoirí, lena n-áirítear andúil i ndrugáí ópóideacha.
21	<p>Baill foirne a fhostú a bhfuil caighdeán cuí oiliúna orthu sna seirbhísí ar fad atá ag gabháil do chur chun cinn na sláinte chun ionfhabhtú heipitéas C a chosc.</p> <p>Íoschaighdeáin oideachais a fhorbairt le haghaidh baill foirne for-rochtana agus eile a bhíonn i dteagmháil dhíreach le húsáideoirí drugaí infhéitheacha.</p> <p>Earcaíocht agus oiliúint a chaighdeánú d'oidoirí piaraí atá bunaithe ar fhianaise agus a ndéantar measúnú leanúnach orthu. D'fhéadfaí samhail a fhorbairt atá cosúil lena bhfuil in úsáid ag an Tríú Staidéar Comhoibríoch ar Úsáideoirí Drugaí Infhéitheacha / Triail Idirghabhála d'Úsáideoirí Drugaí.</p> <p>Cur leis an bhfoghlaim ó shamhlacha oideachais piaraí atá i bhfeidhm cheana féin (mar shampla UISCE, Clár Freagartha Pobail).</p>	FSS Soláthraithe seirbhíse deonacha	<ul style="list-style-type: none"> Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne faoi mar atá leagtha amach sa bhunoiliúint agus sna buncháilíochtaí do phoist de réir mar is cuí. Tá forbairt ghairmiúil leanúnach i bhfeidhm d'obrithe cúraim sláinte atá ag gabháil do chur chun cinn na sláinte. <p>Ag brath ar an ról, bíonn cáilíochtaí éagsúla ag teastáil ó bhaill foirne, mar shampla léann óige agus pobail, SAOR, laghdú dochair, agallóireacht spreagúil, measúnú agus pleanáil cúraim, oiliúint ríomhchuidithe.</p> <p>Nithe nár baineadh amach / nach bhfuil ar eolas</p> <p>Gan a bheith i bhfeidhm sna ceantair ar fad, ach déanann CHO5 comhchistiú ar oideoir piaraí mar chuid de Choláiste Athshlánaithe an Oirdheiscirt.</p>
22	Feachtas a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a ardú i measc daoine ar diagnóisíodh heipitéas C orthu roimhe seo nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol a n-ionfhabhtaithe chun iad a atreorú chuig seirbhísí míochaine más é sin atá uathu.	FSS	<ul style="list-style-type: none"> Cuireadh clár náisiúnta chun heipitéas C a chóireáil ar bun in 2015 — déantar cóireáil a chur chun cinn agus spreagtar tástáil trí fheasacht sna meáin, foilseacháin srl www.hse.ie/hepc. Tacaíonn FSS leis an Lá Domhanda in aghaidh an Heipítitis i mí Iúil gach bliain, agus spreagtar tástáil, soláthraítear naisc chuig cúram srl. Tapaíonn seirbhísí andúile FSS agus soláthraithe seirbhísí eile deiseanna nuair a thagann siad chun cinn agus ar bhonn othar ar othar. Foilsíodh treoirínte náisiúnta i leith scagthástáil le haghaidh heipitéas C in 2017, agus tá moltaí iontu maidir le tástáil/scagthástáil ag réimse seirbhísí cúraim sláinte. Cuirtear scagthástáil, tástáil, cóireáil agus feasacht ar fáil ar fud na seirbhísí.

Scagthástáil agus tástáil saotharlainne le haghaidh heipitíteas C

<p>23 Rochtain éasca ar shaoráidí diagnóiseacha a sholáthar do dochtúirí ginearálta agus soláthraithe cúraim sláinte pobail eile.</p> <p>Iompar samplaí chuig na saotharlanna a bharrfheabhsú trí sheirbhís cúiréara fhreagrúil a sholáthar.</p>	<p>FSS – Grúpa Rialála an Tionscnaimh ‘Rochtain ar Diagnóisic (Dochtúir ginearálta/Pobal)’</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Is féidir le dochtúirí ginearálta ábhair fleibeatóime a sheoladh chuig an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris lena dtástáil.
<p>24 Moltaí i gcuid a haon agus a dó den tuarascáil <i>Hepatitis B, Hepatitis C and HIV in Irish Prisoners: Prevalence and Risk</i> maidir le rialú galar aicídeach le cur i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.</p> <p>Measúnú ar riosca heipitíteas C a chur ar fáil do gach príosúnach ar cimiú lena n-áirítear sonraí ar thástálacha víreolaíoch roimhe sin, agus scagthástáil a chur ar fáil i leith víreas fuil-iompartha, heipitíteas C ina measc, más gá.</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh ar an nglacadh le tástáil.</p> <p>A chinntiú go soláthraítear gníomhartha leantacha iomchuí.</p>	<p>Seirbhís Phríosúin na hÉireann</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag obair lenár gcomhghleacaithe in FSS chun an riosca a bhainistiú agus cóireáil a chur ar fáil ar gach víreas fuil-iompartha i measc daoine i bpríosún. Cuirtear saineolas cliniciúil ar fáil sna príosúin ag comhghleacaithe in FSS a bhíonn ag obair le galair aicídeacha. Déantar é sin trí sheirbhísí inmheánacha agus freastalaíonn príosúnaigh freisin ar ghnáthchoinní cliniciúla sna clinicí galar aicídeach in ospidéal áitiúla. Go dtí seo, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus FSS tar éis mórthionscnaimh scagthástála VEID agus heipitíteas C a dhéanamh, mar aon le cóireáil stuama agus clár leantach ina dhiaidh sin. Tá tionscnaimh chomhchosúla beartaithe do 2018/19, mar aon le clár gnáth-scagthástála do gach príosúnach nua. Deis iontach atá sa timpeallacht phríosúin le gur féidir le Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus FSS díriú ar dhaoine an-dóchúil le haghaidh scagthástála agus cóireála, agus cur le clár náisiúnta bainistithe víris fuil-iompartha ar an gcaoi sin. <p>Tá sé seo á chuimsiú i measúnú athbhreithnithe ar dhaoine ar cimiú mar atá leagtha amach thuas.</p> <p>Éascófar iniúchadh ar ghlacadh leis an tástáil tríd an gCóras Bainistíochta Cúraim Sláinte do Phríosúnaigh (taifead leictreonach ildisciplíneach d’othair i Seirbhís Phríosúin na hÉireann).</p> <p>Tá cóireáil leantach agus faireachas bunaithe ar an dea-chleachtas cliniciúil amháin, agus déantar é sin i gcomhar le speisialtóirí FSS.</p>
<p>25 Eiseoidh an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, ar iarratas, torthaí tástálacha roimhe sin do liachleachtóirí le toiliú an othair.</p>	<p>An tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Eisíonn an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris faisnéis ar iarratas. Fuarthas 81 iarratas (le toiliú an othair) in 2017.
<p>26 Treoirlínte a chur ar bun maidir le scagthástáil heipitíteas C ar dhaoine aonair ó thíortha eindéimeacha / ar dhaoine nua ag teacht isteach ar chóras cúraim sláinte na hÉireann.</p>	<p>Coiste Comhairleach Eolaíoch HPSC</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● D’fhoilsigh HPSC treoirlínte maidir le scagthástáil a dhéanamh le haghaidh gach galair aicídigh i measc imirceach in 2015. Ar fáil ag: http://www.hpsc.ie/A-Z/SpecificPopulations/Migrants/ <p>Rinne an Grúpa Forbartha Treoirlínte faoi stiúir HPSC forbairt ar threoirlínte sonracha náisiúnta maidir le scagthástáil heipitíteas C (do gach grúpa den daonra) agus foilsíodh na treoirlínte in 2017. Ar fáil ag: http://health.gov.ie/national-patient-safety-office/ncec/national-clinical-guidelines/prevention/</p>

<p>27 Leanúint de scagthástáil réamhbhreithe spriocdhírithé orthu siúd atá i mbaol ionfhabhtú heipitíteas C.</p> <p>Athbhreithniú rialta ar an bhfianaise maidir le scagthástáil réamhbhreithe uilíoch</p>	<p>Ospidéal mháithreachais Dochtúirí Ginearálta</p>	<ul style="list-style-type: none"> Bhí moltaí sonracha sna treoirlínte náisiúnta i leith scagthástáil le haghaidh heipitíteas C, 2017, maidir le scagthástáil ar mhná atá ag iompar clainne. http://health.gov.ie/national-patient-safety-office/ncec/national-clinical-guidelines/prevention/ <p>1.1 Moltar scagthástáil chaighdeánaithe spriocdhírithé le haghaidh heipitíteas C bunaithe ar rioscaí a dhéanamh ar mhná atá ag iompar clainne.</p> <p>1.2 Ní mholtar scagthástáil uilíoch le haghaidh heipitíteas C a dhéanamh ar mhná atá ag iompar clainne.</p> <p>1.3 Is féidir athbhreithniú a dhéanamh amach anseo ar scagthástáil uilíoch le haghaidh heipitíteas C sa chás go bhféadfar heipitíteas C a chóireáil le linn toirchis amach anseo. Ina theannta sin, má dhéantar dul chun cinn sa bheartas náisiúnta chun scagthástáil a dhéanamh ar chohórt leanaí arna saolú nó ar an daonra iomlán, is deis atá sa scagthástáil réamhbhreithe chun teacht ar an gcohort áirithe sin den daonra.</p>
<p>28 Scagthástáil le haghaidh heipitíteas C agus galair fhuil-iompartha eile a thairiscint agus a chur chun cinn i measc na ndaoine sin a bhaineann úsáid as seirbhísí malartaithe snáthaidí agus seirbhísí laghdaithe dochair eile</p>	<p>Seirbhísí Drugaí FSS</p>	<ul style="list-style-type: none"> Foilsíodh treoirlínte náisiúnta i leith scagthástáil le haghaidh heipitíteas C in 2017 — scaipthe ar sheirbhísí andúile FSS lena n-áirítear clár malartaithe snáthaidí. Déantar cliant Chláir PNX de chuid FSS a atreorú go rialta lena scagthástáil le haghaidh víris fhuil-iompartha, heipitíteas C ina measc.
<p>Cóireáil</p>		
<p>29 Sainghrúpa a chur ar bun chun treoir a sholáthar ar shaincheisteanna cliniciúla.</p> <p>Prótacaí a fhorbairt maidir le tástáil, diagnóis, measúnú, atreorú le haghaidh cóireála, monatóireacht ar chóireáil, agus monatóireacht ar othair nach bhfuil cóireáil á cur orthu.</p> <p>Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin.</p>	<p>Sainghrúpa An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cailíocht Sláinte</p>	<ul style="list-style-type: none"> Chuir FSS clár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil ar bun in 2015 de réir moltaí sa tuarascáil ón Roinn Sláinte <i>A public health plan for the pharmaceutical treatment of hepatitis C</i>. Tacaíonn Sainghrúpa Cliniciúil leis an gclár cóireála náisiúnta, agus is é an ról atá acu comhairle / treoir / rialachas cliniciúil a chur ar fáil don chlár. Rinne an sainghrúpa sraith treoirlínte náisiúnta cóireála le haghaidh heipitíteas C a fhorbairt, lena n-áirítear critéir thosaíochta, monatóireacht, agus réimeanna drugaí. Déanann an sainghrúpa athbhreithniú rialta ar na treoirlínte cóireála de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.
<p>30 Dioplóma iarchéime sa bhainistíú heipitíteas C do dhochtúirí agus d'altraí a chur ar bun.</p>	<p>Institiúid acadúil tríú leibhéal creidiúnaithe Ba cheart don sainghrúpa maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tairisceana.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Níl ann d'aon dioplóma iarchéime sa bhainistíú heipitíteas C faoi láthair. Mar sin féin, bíonn laethanta oiliúna ar siúl ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus ag comhlachtaí míochaine gairmiúla eile mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
<p>31 Tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil d'othair, go háirithe othair nach bhfuil ord ná eagar ar a stíl mhaireachtála agus a bhfuil fadhbanna sóisialta eile acu, le cur ar a gcumas freastal ar chóireáil agus cloí leis, mar shampla cúram leanaí.</p>	<p>Foirne Cúraim Phríomhúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tá cóireáil ar heipitíteas C i suíomhanna pobail á forbairt ag an gclár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil le gur féidir an chóireáil a chur ar fáil áit a bhfuil an t-othar ag gabháil do chlár meatadóin, rud a laghdaíonn an gá dul chuig an ospidéal. Déanann roinnt Eagraíochtaí Rialtais Náisiúnta tacaíocht piaraí a chur ar fáil, lena n-áirítear dul chuig coinní ospidéal in éineacht le hothair.

32	Dul i ngleic le fadhbanna alcóil agus straitéisí laghdaithe alcóil a chur ar fáil do na hothair sin a bhfuil heipitíteas C orthu atá ina ngátar.	FSS – Seirbhísí drugaí agus alcóil	<ul style="list-style-type: none"> Déantar scagthástáil ar na hothair ar fad le haghaidh mí-úsáid alcóil, agus cuirtear comhairle ar fáil nuair is iomchuí.
33	Samhail chóireála atá oiriúnach do phríosúin a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú ar bhonn náisiúnta.	Sainghrúpa i gcomhar le Seirbhís Phríosúin na hÉireann	<ul style="list-style-type: none"> Faoin gclár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil, tá forbairt á déanamh faoi láthair ar chóireáil heipitíteas C a chomhtháthú sa phobal, lena n-áirítear i bpríosúin. Tá ionadaithe ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar an ngrúpa stiúrtha. Cuirtear cóireáil ar fáil d'othair i bpríosún trí chlár for-rochtana in ospidéal agus trí chlár inmheánacha.
34	Measúnú foirmiúil ar riachtanais daoine a bhfuil heipitíteas C orthu, seachas iad siúd a tholg an víreas trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe.	FSS	<ul style="list-style-type: none"> Déantar gach othar a mheasúnú ar bhonn aonair. Na hothair a tholg heipitíteas C trí mheán fuil éillithe agus táirgí fola éillithe, déantar iad a mheasúnú agus a riachtanais fhoriomlána chúraim sláinte agus shóisialta á gcinneadh de réir a dteidlíochtaí i leith seirbhísí de réir théarmaí an Achta Sláinte (Leasú), 1996.
35	An líon post d'altraspeisialtóirí cliniciúla heipitíteas C a mhéadú a thuilleadh bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe riachtanas i moladh 34.	FSS	<ul style="list-style-type: none"> Faoin gclár náisiúnta chun heipitíteas C a chóireáil, tá tacaíocht á soláthar d'ionaid chóireála in ospidéal chun cur leis an líon post d'altraspeisialtóirí cliniciúla chun an líon méadaithe othar i mbun cóireála a bhainistiú.
36	Forbairt a dhéanamh ar ról dochtúirí ginearálta a bhfuil oiliúint chuí orthu chun monatóireacht ar chóireáil a éascú sa phobal.	FSS agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn laethanta oiliúna ar siúl ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus ag comhlachtaí míochaine gairmiúla eile mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.